

Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
 Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
 (059) 9158105 / (085) 1340047
 eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
 Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Aisteoirí an Lóchrainn ag dul go Conamara

Beidh an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta 2015 ar siúl i gConamara thar dheireadh seachtaine Bhealtaine agus i measc na ndrámáí ar chlár na féile beidh 'An Gadaí Béasach' á léiriú ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach.

Scéal faoi bhréagadóireacht agus chliúsaíocht lucht an airgid is ea é An Gadaí Béasach i gcomparáid le gnáthshaol an mhionghadaí. Briseann gadaí isteach in árasán comhairleora saibhir. Nuair atá sé i mbun 'oibre', cuireann a bhean gloach air agus tosaíonn sí dá bhodhrú. Ansin tagann an comhairleoir ar ais gan coinne, gan a bhean ach bean duine eile ina theannta! I bhfostú san árasán, téann an gadaí i bhfolach i gclog urláir ach faoi dheireadh, soilsítear é. Lena bhean féin, bean an chomhairleora agus fear na mná eile ag cruinniú san árasán ag an am céanna, an éireoidh leis an ngadaí béasach éalú?

Aistriúchán is ea é

an scigdhrama seo, bunaithe ar 'The Virtuous Burglar' leis an scríbhneoir Iodálach, Dario Fo. Tá 'An Gadaí Béasach' faoi stiúir Con Ó Cróinín agus i measc foireann aisteoirí, tá Colma Ní Ghabháin, Móna Ní Liatháin, Cathal Ó Catháin, Gearóid Ó Tuama, Treasa Uí Néill, Seosamh Ó Dubhchonna agus Lára Ní Bhriain.

Déanann Glór Cheatharlach comhghairdeachas ó chroí le hAisteoirí an Lóchrainn as a bheith roghnaithe don fhéile náisiúnta tar éis dóibh an dráma a chur ar an stáitse in Amharclann G.B Shaw i Mí an Mháirta ós comhair an mholtóra, Beartla Ó Flatharta. Tá ardchaighdeán bainte amach acu ó athbunaíodh an grúpa cúig bliana ó shin. Go n-éirí go geal leo!

Gluais: Glossary:
 gadaí thief
 bréagadóireacht deceit
 cliúsaíocht philandering
 léiriú production
 gan coinne unexpectedly
 aistriúchán translation
 moltóir adjudicator
 caihdeán standard



Aisteoirí an Lóchrainn a léireoidh An Gadaí Béasach ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta

Na Meáin Shóisialta

Sa lá atá inniu ann, is iad na meáin shóisialta an chúis is mó nach mbíonn páistí lasmuigh ag súgradh, nó nach bhfuil sláinte na tíre chomh maith mar a bhí sí roinnt bliain ó shin. Táimse den tuairim go bhfuil na meáin shóisialta tar éis páistí agus déagóirí na linne seo a chlaochlú.

Nuair a bhí mise níos óige, d'fheicfeá páistí lasmuigh ar an tsráid ag imirt peile nó cos bhacóide. Ach, sa lá atá inniu ann, is annamh a fheiceann tú beirt

pháiste amuigh; agus má bhíonn gach seans go mbeidh siad ar an bhfón póca nó iPad.

Baineann an-chuid mí-bhuntaistí leis na meáin shóisialta. Mar shampla, tá do phríobháideachas i mbaol agus is ionaid bulaíochta iad Facebook agus Twitter uaireanta. Agus d'fhéadfadh duine próifíl falsa a úsáid!

Gabhann buntáistí leo chomh maith. Is féidir leat fanacht i dteangmháil le seanchairde agus comhghleacaithe. De ghnáth, bíonn na meáin shóisialta saor in aisce. Is féidir poist a lorg ar líne agus is féidir gach piosa nuachta a fháil ar an idirlíon.

Tá tuairim dhifriúil ag gach duine faoi na meáin shóisialta. Is é mo thuairim féin gur rudaf iontach iad na meáin shóisialta, de bharr gur féidir linn

dul i dteangmháil le seanchairde. Ach ní rud iontach é nuair atá 45% de pháistí le bulaíocht déanta orthu ar líne.

Nuair a bhíimid ar líne ba chóir dúinn smaoinemh ar mhothúcháin an duine lena a bhfuilimid ag caint. Tá sé rí-thábhachtach an polasáí príobháideachais don aip atá a úsáid againn a léamh. Ba chóir do dhaoine faoi 16 deimhin a dhéanamh de go bhfuil a fhios ag a dtuismitheoirí go bhfuilid ar líne. Má cloímid leis na rialacha sin beimid sábháilte!

Is í Orla Ní Cheallaigh, Gaelcholáiste Ceatharlach, a scríobh an aiste seo.

Gluais: Glossary:
 meáin shóisialta
 social media
 sláinte health
 iomaí many
 bulaíocht bullying
 annamh seldom

Éamon Ó Cuív ag an gCiorcal Comhrá

Bhuail aoi speisialta isteach chuig an ciorcal comhrá seachtainiúil 'Is Leor Beirt' ar an gCéadaoin seo caite i Músaem Chontae Cheatharlach. Bhí Éamon Ó Cuív T.D. sa bhaile agus chas sé isteach chun dreas cainte a dhéanamh agus a chloisteáil. Chuir an slua mór a bhí i láthair fáilte Uí Cheallaigh roimhe.

Tugadh cuireadh dó an Coláiste Samhraidh 2015 atá eagraithe ag Glór Cheatharlach agus a bheidh ar siúl i gCeatharlach idir 29 Meitheamh agus 10 Iúil a sheoladh go hoifigiúil.

Thug sé cuairt chomh maith ar Thaispeántas na Gaeilge i gCeatharlach atá ar siúl sa Mhúsaem. Tar éis cupán tae ar aghaidh leis ansin chun cuairteanna a thabhairt ar Ghaelscoil Cheatharlach agus ar Ghaelcholáiste Cheatharlach. Dár ndóigh, is Gaeilgeoir aitheanta é An tUasal Ó Cuív, le seal caite aige mar Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Cuirtear fáilte roimh chách ag an gCiorcal comhrá sa Mhúsaem gach Céadaoin ag 10.30r.n. Fáilte chomh maith chuig an ciorcal agus seisiún a

bheidh sa Teach Bar ar an Déardaoin beag seo, 30 Aibreán ag 9.00i.n. Bíg linn agus bíg ag comhrá!

Gluais: Glossary:
 aoi guest
 seachtainiúil weekly
 cuireadh invitation
 seoladh launch
 taispeántas exhibition
 cuairteanna visits
 aitheanta recognised



Éamon Ó Cuív ag seoladh Coláiste Samhraidh Cheatharlach le Bríde de Róiste agus Éoin Ó Broin



Éamon Ó Caoimh ag labhairt ag an gCiorcal Gaeilge sa Mhúsaem

Cúrsaí Nuachta

Is iomaí na scéalta móra a bhíonn sa nuacht. Is féidir linn scéalta idirnáisiúnta agus scéalta náisiúnta a fháil ar an nuacht gach lá. Scaipeann an nuacht go tapa ar na meáin chumarsáide. Úsáidimid ríomhairí; féachaimid ar an teilifís; éistimid leis an raidió; agus léimid na páipéir nuachta chun an nuacht is déanaí a fháil.

Scéal mór i mbliana ná an Ebola. Is víreas é Ebola agus tá sé an-dainséarach. Thosaigh an víreas uafásach seo i dtíortha na hAfraice, go háirithe i Siarra Leon, sa Libéir agus sa Ghuine. Tá a lán duine marbh sna tíortha seo agus tá daoine fós ag fáil báis dá bharr. Chuaigh banaltraí agus dochtúirí go dtí an Afraic chun cabhair a thabhairt do dhaoine tinne.

Scéal mór eile ná sceimhlitheoireacht ar fud an domhain. I bPáras le déanaí, dhúnmharaigh sceimhlitheoirí gnáthdhaoine ar na sráideanna. Chonaiceamar an fógra "Je Suis Charlie" i ngach áit chun tacaíocht a léiriú do na daoine a maraíodh. Chuir an scéal seo déistin ar a lán duine. Scéal eile a bhíonn sa nuacht gach lá ná an cogadh i Siria. Tá cogadh ar siúl ann i gcónaí agus tá páistí, fir agus mná ag fáil báis. Chonaiceamar freisin an scéal uafásach faoin Stát Ioslámach, nuair a dícheannaíodh daoine soineanta. Is cuimhin linn go léir cad a tharla don iriseoir James Foley. Scéal an-bhrónach.

Ó am go ham, bíonn dea-scéalta ar an nuacht. Is breá liom féin scéalta faoin spórt. Bhí mé féin agus na mílte eile ag féachaint ar an nuacht nuair a bhuaigh Cristiano Ronaldo an "Balon d'Or". Bhí an gradam seo tuillte aige, i mo thuairim! Agus fuair Stephanie Roche níos mó ná milliún vóta don chúl a scoráil sí anuraidh. Cúl iontach a bhí ann, ach, bhuaigh James Rodriguez an gradam. Cheap mé go raibh sé tuillte ag Stephanie.

Lúc Ó Hutáin, Gaelcholáiste Ceatharlach, a scríobh an aiste seo.

Gluais: Glossary:
 nuacht news
 idirnáisiúnta international
 scaipeann spreads
 víreas virus
 tíortha countries
 sceimhlitheoireacht terrorism
 dícheannaíodh beheaded



Elaine Grant and Barbara Neaves at the Dargan School of Irish Dancing fashion show in the Seven Oaks Hotel
 Photo: Michael O'Rourke